# Prionsabail Tacaíochta agus Treoir maidir le Samhlacha Leithdháilte/Dáilte an Ualaigh Oibre Acadúla

*Arna bhfaomhadh ag an gComhairle Acadúil an 25 Deireadh Fómhair 2018*

## 1. Réamhrá

Tá athrú ag teacht ar shamhlacha dáilte an ualaigh oibre acadúla in OÉ Gaillimh le roinnt blianta anuas. Ar na príomhchúiseanna a dhéantar samhlacha ualaigh oibre a fhorbairt is ea cabhrú le pleanáil agus bainistíocht acadúil, mar aon le trédhearcacht agus cothromas i ndáileadh na hoibre acadúla a chinntiú. Mhol Tascfhórsa Comhionannais Inscne OÉ Gaillimh, 2016 go bhfeabhsófaí saincheisteanna cothromais agus cothroime trí shraith prionsabal a roghnú a chuirfeadh bonn faoi shamhlacha ualaigh oibre atá in úsáid inár scoileanna agus inár n-aonaid.

Mar chuid de na cleachtaí comhairliúcháin a bhaineann le prionsabail a aithint agus a leasú chun tacú le dáileadh ár n-ualaí oibre acadúla in OÉ Gaillimh, d'iarr comhghleacaithe roinnt treorach institiúide freisin maidir le húsáid samhlacha leithdháilte an ualaigh oibre.

Dírítear i **gCuid 2** thíos ar bhunphrionsabail agus san áireamh ann tá na Prionsabail a bhaineann leis an gCáipéis maidir le Leithdháileadh an Ualaigh Oibre Acadúla a ceadaíodh le déanaí ag AMT (Cruinniú Straitéiseach AMT, 23 Eanáir 2018). **Ba cheart go mbeadh na prionsabail sin mar bhonn faoi gach samhail agus cur chuige maidir le leithdháileadh an ualaigh oibre acadúla atá in úsáid in OÉ Gaillimh.**

Tá an **treoir** atá sa chuid eile den cháipéis **ceaptha a bheith ina cabhair** do Chinn Scoile, Foirne Feidhmiúcháin Scoile agus Cinn Disciplín maidir leis an ualach oibre acadúil a phleanáil agus a bhainistiú i gcomhthéacs na scoile agus an disciplín; agus ag an am céanna a aithint go dtagann difríochtaí suntasacha agus cúinsí uathúla chun cinn ag leibhéal na scoile/an disciplín.

Sonraítear i **gCuid 3.1** thíos na réimsí atá sainaitheanta chun Creat Treorach Institiúideach a chur ar fáil do dháileadh/leithdháileadh an ualaigh oibre. Tá comhairle i **gCuid 3.2** maidir le Samhlacha Leithdháilte an Ualaigh Oibre a fhorbairt.

## 2. Prionsabail maidir le Leithdháileadh an Ualaigh Oibre Acadúla

### 2.1 Réamhrá

Ba cheart go gcloífeadh dáileadh an ualaigh oibre d'fhoireann acadúil OÉ Gaillimh leis an gcreat comhaontaithe prionsabal atá leagtha amach sa chuid seo.

### 2.2 Cuspóir

Is é an cuspóir a bhaineann le **Samhail Leithdháilte an Ualaigh Oibre Acadúla** a chinntiú:

1. Go leithdháiltear acmhainní ar bhealach atá comhsheasmhach le tosaíochtaí scoile, coláiste agus institiúideacha.
2. Go bhfuil na hualaí oibre ag teacht le hionchais réasúnta maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus go ndéanann siad timpeallacht oibre shláintiúil a éascú.
3. Go n-aithníonn na huirlisí maidir leis an ualach oibre atá i bhfeidhm, nó atá á bhforbairt, i scoileanna agus i gcoláistí, prionsabal an chothromais oibre agus prionsabal an chomhionannais faoi na 9 bhforas, lena n-áirítear comhionannas inscne.
4. Go bhfuil cothromaíocht chuí ann idir na gníomhaíochtaí a shanntar don fhoireann.
5. Go bhfuil próiseas trédhearcach leithdháilte ann ina ndéantar an toradh a chur in iúl go soiléir.
6. Go bhfuil cothromaíocht ann idir an gá atá le héifeachtacht maidir le húsáid na foirne agus a chinntiú go gcloítear le caighdeán ar leith sa taighde, teagasc agus tacaíocht do mhic léinn, agus seirbhís.

### 2.3 Scóip

De ghnáth, beidh an fhoireann acadúil ar fad, i.e. comhaltaí foirne a bhíonn i mbun teagaisc, taighde, riaracháin/seirbhíse ollscoile, rannpháirtíocht agus cleachtas seachtrach, mar chuid de shamhail leithdháilte an ualaigh oibre scoile. Beidh scéim leithdháilte an ualaigh oibre doiciméadaithe ag gach scoil a chloíonn leis na prionsabail sin.

### 2.4 Prionsabail

- Tá na hualaí oibre ag teacht le hionchais réasúnta maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus déanann siad timpeallacht oibre shláintiúil a éascú.
- Leithdháiltear ualach oibre ar bhealach a léiríonn misean, fís, luachanna agus tosaíochtaí straitéiseacha na Scoile, an Choláiste agus na hOllscoile.
- Tá súil ag OÉ Gaillimh go mbeidh an fhoireann acadúil gníomhach sna réimsí seo a leanas: (i) taighde/léann, (ii) teagasc agus tacaíocht agus tréadchúram a chur ar fáil do mhic léinn agus (iii) páirt a ghlacadh i seirbhís ollscoile agus cion tairbhe ar mhaithe leis an bpobal. Ba cheart go gcinnteodh samhlacha leithdháilte an ualaigh oibre gur féidir le gach comhalta foirne, le himeacht ama, a p(h)róifílí agus an cion tairbhe a dhéanann sé/sí a fhorbairt faoi na trí cheannteideal; ag féachaint go cuí do chineál an chonartha fostaíochta aonair.
- Má ghlacann comhalta foirne le ról ceannaireachta i dtaighde, i dteagasc nó i riarachán a éilíonn ardtiomantas ama, d'fhéadfaí gnáthdhualgais eile a laghdú i gcomhréir le socruithe soláthair acmhainní a chomhaontaítear leis an Scoil. Sa chás go dtiteann ualach oibre

comhalta foirne i réimse áirithe (taighde, teagasc, cion tairbhe) faoi bhun norm Scoile, féadfaidh an Bainisteoir Líne laistigh den Scoil gnáthdhualgais eile a mhéadú go comhréireach chun oibriú i dtreo ualach oibre cothrom a bheith ag na comhghleacaithe go léir.

- Táthar ag súil go mbeidh an fhoireann acadúil go léir ag teagasc agus ag cur tacaíocht ar fáil do mhic léinn, d'fhéadfadh stiúradh mac léinn PGR a bheith i gceist leis seo ach ní é sin amháin.
- Cuirfear comhionannas inscne san áireamh agus an t-ualach oibre á leithdháileadh, go háirithe maidir le róil teagaisc agus riaracháin/tréadchúraim.
- Ba cheart go mbeadh aon samhail a úsáidtear chun an t-ualach oibre a leithdháileadh (Samhail Leithdháilte an Ualaigh Oibre ) praiticiúil agus níor cheart go mbeadh iarracht dhíréireach ag teastáil lena choinneáil.
- Ní mór aon samhail maidir le leithdháileadh an ualaigh oibre a bheith solúbtha chun déileáil le hathruithe inmheánacha agus seachtracha a d'fhéadfadh athruithe a dhéanamh ar ualach oibre in aon seimeastar/aon bhliain acadúil ar leith.
- Is ar an gCeann Scoile atá an fhreagracht as ualach oibre a leithdháileadh, agus ionchur ó Dhéan an Choláiste nuair is ábhartha; is féidir é seo a roinnt, áfach, ar choiste leithdháilte an ualaigh oibre nó ar bhainisteoir líne acadúil cosúil le Ceann Disciplín. Go praiticiúil, is próiseas comhairliúcháin é leithdháileadh an ualaigh oibre a bhfuil baint ag roinnt gníomhaithe leis, lena n-áirítear iad seo a leanas, ach níl sé teoranta dóibh seo:
- Maidir leis seo, ní mór go mbeadh Cinn Scoile treoraithe ag dáileadh cothrom na gcúraimí riaracháin (lena n-áirítear meitheal scoile, coláiste agus ollscoile/obair choiste), agus aitheantas á thabhairt acu don ghá atá ann a chur ar chumas comhghleacaithe taithí a fháil ag gach leibhéal ábhartha ar mhaithe le forbairt ghairmiúil agus le hardú céime.
- Ba cheart go mbeadh catagóirí leithdháilte an ualaigh oibre ag teacht leis na critéir maidir le hardú céime na foirne acadúla agus ba cheart go gcuirfeadh siad bonn eolais faoi fhorbairt na gcritéar sin.
- Tá an ceanglas foriomlán maidir le hualach oibre mar an gcéanna don fhoireann ar fad. Ag an am céanna, is de réir thaithí agus shinsearacht na foirne a mhúnlaítear na hualaí oibre agus d'fhéadfaí go gcuirfí na tréithe sin san áireamh agus leithdháileadh comhréireach á dhéanamh ar an obair.
- Cuirtear san áireamh i leithdháileadh an ualaigh oibre gach réimse gníomhaíochta a bhfuiltear ag súil leis an bhfoireann a chomhlíonadh agus is féidir solúbthacht iomchuí a bheith ann do ghníomhaíochtaí neamhsceidealta dá bharr.
- Ní mór trédhearcacht a bheith sa scéim, ionas go gcaitear leis an bhfoireann ar bhealach comhionann agus cothrom, agus ba cheart go mbeadh tuiscint iomlán ar an scéim ag gach comhalta foirne.
- Ba cheart go ndéanfaí measúnú ar an tionchar a bheadh ag baint le polasaithe nua ar ualach oibre acadúil a thabhairt isteach nuair atá aon pholasaí institiúideach nua á fhorbairt agus á thabhairt isteach.

## 3. Réimsí chun Creat Treorach Institiúideach do Shamhail Leithdháilte an Ualaigh Oibre a ghiniúint

Glactar leis sa cháipéis seo go bhforbrófar Samhail Leithdháilte an Ualaigh Oibre atá bunaithe ar phróifíl acadúil 40:40:20 ar an meán. Aithnítear, áfach, nach n-oireann an phróifíl seo do gach comhalta den fhoireann acadúil agus go bhféadfadh forbairt Shamhail Leithdháilte an Ualaigh Oibre ag leibhéal áitiúil a bheith éagsúil mar thoradh air sin.

Tugtar le fios i gCuid 3.1 thíos na réimsí inar aithníodh treoir a bheith úsáideach agus aithnítear i gCuid
3.2 comhairle maidir le Samhail Leithdháilte an Ualaigh Oibre a fhorbairt.

### 3.1 Réimsí Sainaitheanta don Treoir Institiúideach

3.1.1 Ní shonraíonn an Ollscoil go bhfuil samhail ar leith is gá a ghlacadh chun an t-ualach oibre a leithdháileadh. Cuireann Aguisín 2 sraith roghanna molta ar fáil a d'fhéadfaí a chur san áireamh agus cur chuige scoilbhunaithe á fhorbairt maidir le leithdháileadh an ualaigh oibre.

3.1.2 Ní mór cuimhneamh ar an ngá atá le cothromaíocht san ualach oibre a fhorbairt do phoist agus do róil a nglacann an fhoireann leo, e.g. poist cheannaireachta agus bhainistíochta amhail Ceann Scoile (**0.5 FTE**), Leas-Déan (**0.2 FTE/lá sa tseachtain ar a laghad**), ní mór róil an Chinn Disciplín, na Stiúrthóirí Cláir agus róil a bhaineann go sonrach leis an scoil a mheas ag an leibhéal áitiúil i gcomhairle le Déan an Choláiste.

3.1.3 Tá bealaí éagsúla ann chun comhionannas gníomhaíochtaí agus gealltanas, idir chainníochtúil agus cháilíochtúil, a mheas. Mar shampla, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as coibhéis modúl ar fiú 5 ECTS é i dtéarmaí creidiúintí nó uaireanta barúlacha (mar atá i Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta Cairnes), uaireanta barúlacha gan nasc le cur chuige creidiúintí ECTS (mar a úsáideadh roimhe seo i Scoil na Fisice), cur chuige fíor-uaireanta an chloig (mar atá Scoil na Fisice ag dul ina threo), nó córas eile bunaithe ar chreidiúintí (mar atá i Scoil na Ceimice).

3.1.4 Tá róil riaracháin foirne rangaithe ag go leor scoileanna de réir an ghealltanais mheasta atá ag teastáil – mar shampla in Aguisín 1, Tábla 1.

3.1.5 An chumraíocht is fearr do Shamhail Leithdháilte an Ualaigh Oibre: ardleibhéal nó cainníochtúil, nó comhréiteach? Is cosúil go bhfuil tairbhe ag baint leis an gcur chuige Simplí, Follasach, Gearr (SOS). I roinnt Samhlacha Leithdháilte déantar ualach oibre a shannadh ar leibhéal an-ard, agus ní bhíonn na mionsonraí riachtanacha san áireamh: léachtóireacht a dhéanamh ar rang mór le hais rang beag; ranganna saotharlainne a bhaineann le modúl nó nach mbaineann (mar chuid d'uaireanta an mhodúil nó sa bhreis orthu); má tá modúl nua á sheachadadh agat nó má tá tú ag déanamh athrú suntasach ar a bhfuil á theagasc i modúl le hais an modúl céanna a sheachadadh blianta fada as a chéile. Cuireann an chomhairle a fuarthas ó gach cearn den Ollscoil na roghanna seo a leanas os ár gcomhair:

Rogha 1: Áireamh tosaigh ar na gealltanais uile a tugadh san amchlár agus measúnú

a dhéanamh ar róil riaracháin in iarracht comhionannas a bhaint amach. Taifeadadh ar leithligh ar mhéadrachtaí taighde (ní aschuir amháin) – úsáideann roinnt scoileanna teimpléad bileoige amháin dó seo, úsáideann roinnt eile acu dhá chomhad a fhéachtar orthu go comhthreomhar ach nach gcuirtear le chéile – féach Aguisín 2 le haghaidh samplaí de theimpléid maidir le Samhail Leithdháilte an Ualaigh Oibre.

Rogha 2: D'fhéadfadh cur chuige SOS ardleibhéil, le cainníochtú ar uaireanta teagaisc, a bheith níos fearr do roinnt feidhmeannach scoile, cosúil leis an sampla i

Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta Cairnes (SBE) (Aguisín 2). Mar sin féin, ní mór go mbeadh sé soiléir don fhoireann go léir conas a oibríonn an tsamhail agus tá cur i bhfeidhm na samhla ríthábhachtach.

I gcás rang mór a theagasc le hais rang beag, modúil nua le hais modúil leanúnacha, léachtaí le hais rang saotharlainne, d'fhéadfadh sé a bheith an-deacair cothromaíocht a bhaint amach idir éilimh éagsúla ag úsáid méadrachta. Le himeacht ama, tugann taithí le fios gur gnách leis na héilimh éagsúla seo cothromú i measc na foirne. Mar sin féin, ní mór iarracht a dhéanamh a chinntiú nach mbeidh ualach rómhór ar chomhaltaí foirne nua/sóisearacha le tascanna/teagasc níos dúshlánaí. Is amhlaidh freisin go bhféadfadh sé go mbeadh gá le forbairt cláir nua a dhreasú laistigh de scoil agus gur féidir le huaireanta ualaithe /creidiúintí ar Shamhail Leithdháilte cabhrú le tacú leis an gclár oibre seo. Féadfaidh roinnt scoileanna oibriú freisin ar mhodúl caighdeánach ainmniúil 5 chreidiúint i dtéarmaí líon na mac léinn (e.g. 50 – 70 ag leibhéal fochéime; 15 – 20 ag PGT) agus déantar méideanna ranga os cionn agus faoi seo a ualú dá réir i dtéarmaí ualach oibre na foirne.

Oibríonn roinnt institiúidí ar fhoirmle ina gceadaítear 3 uair an chloig d'am forbartha do gach uair theagmhála de theagasc nua ag leibhéal fochéime agus 5 uair an chloig d'am forbartha do gach uair theagmhála de theagasc nua ag leibhéal PGT. Tá an cineál foirmle seo coitianta, mar shampla, in ollscoileanna na hAlban agus tá dlúthbhaint aige lena samhail costála nua do chláir. D'fhéadfadh cur chuige den chineál céanna slat tomhais úsáideach a chur ar fáil chun comhionannas a mheas, cé go mb'fhéidir gur mhaith le scoileanna a dtreoir féin a fhorbairt ina leith seo.

3.1.6 Creidiúnú a thabhairt do stiúradh PhD mar chuid (ach ní an t-iomlán) de leithdháileadh ualach oibre teagaisc an chomhalta foirne. D'fhéadfaí a rá gur ionann é seo agus cuid de mhodúl 5 ECTS (tá 1/3, ½ agus suas le modúl 5 chreidiúint amháin á n-úsáid faoi láthair i scoileanna in OÉ Gaillimh). I ngnáthchomhthéacs scoile, áit a nglactar le stiúradh PhD mar chuid de theagasc seachas mar chuid de ghealltanas maidir le hualach oibre taighde, thángthas ar chomhaontú ginearálta maidir leis na nithe seo a leanas: Uasmhéid 4 mac léinn PhD (lánaimseartha) le háireamh (blianta 1-4 amháin) i dtreo gealltanas teagaisc (0.33 go 0.5 go 1.0 x 5 ECTS in aghaidh an mhic léinn), agus aitheantas do stiúradh PGR atá fágtha san áireamh sa ghealltanas maidir le hualach oibre taighde.

3.1.7 Faoi láthair, tá éagsúlacht mhór idir na noirm don íosmhéid teagaisc sa seomra ranga ar fud na hOllscoile, agus braitheann siad go mór ar nádúr na modhanna teagaisc ar an modúl sna scoileanna/disciplíní éagsúla (léacht/seomra ranga vs. ranganna saotharlainne vs. seisiúin dírithe ar obair thionscadail, etc.), scoileanna SEM vs scoileanna ABL, agus riachtanais shonracha teagaisc na scoile/an disciplín. Bíonn na noirm áitiúla don íosmhéid teagaisc ranga éagsúil ag brath ar an ábhar/réimse leathan ildisciplíneach.

3.1.8 Is cuid den ghnáthualach oibre acadúla é tréadchúram na mac léinn. I roinnt Scoileanna, cuirtear an cúram sin ar fáil mar chuid de shamhail "Teagascóir Pearsanta" le "uaireanta oifige" in aghaidh na seachtaine inar féidir le mac léinn bualadh isteach agus fios aige/aici go mbeidh an comhalta foirne ar fáil, déileáiltear le fiosruithe ag am ar bith eile trí ríomhphost, trí ghuthán nó cruinniú ag am a

OÉ Gaillimh
NUI Galway

fheileann don dá pháirtí. Féadfar tréadchúram a sholáthar freisin do ghrúpaí mac léinn ar leith ar bhealach níos dlúithe agus níos pearsanta trí phearsanra sonraithe ar féidir dul chomh fada leo a shainaithint ar bhealach atá ag teacht le Samhail Leithdháilte an Ualaigh Oibre ar leibhéal áitiúil. Tá na cuir chuige seo a leanas in úsáid i roinnt scoileanna in OÉ Gaillimh faoi láthair:

**A.** Ní áirítear é mar rud ar leith. Is riachtanas é don fhoireann ar fad, mar atá sé a bheith rannpháirteach i laethanta oscailte etc. Má bhíonn rud ar leith ar siúl ag gach duine againn ní chuirimid san áireamh é mar nach bhfuil sé mar chuid den phróiseas cothromaíochta oibre.

**B.** Ba cheart go mbeadh ar gach comhalta foirne 'uaireanta oifige' a sholáthar agus ba cheart go mbeadh sé sin mar an gcéanna don fhoireann ar fad. Dá bhrí sin, ní gá é a chur san áireamh i Samhail Leithdháilte an Ualaigh Oibre. I roinnt scoileanna táthar ag súil go gcuirfear ar leataobh 2 uair an chloig oifige in aghaidh na seachtaine nó a chomhionann le haghaidh teagmháil ríomhphoist agus mar sin de.

**C.** Cuirtear san áireamh é sin cheana féin mar chuid de ról an chomhordaitheora bliana agus an chomhordaitheora cúrsa. Ina theannta sin, tá ról mar "oifigeach leasa na mac léinn" mar chuid dá ndualgais ag duine amháin ar an bhfoireann acadúil agus ag duine amháin ar an bhfoireann riaracháin.

Is ábhar imní é go ndáilfear an t-ualach oibre go míchothrom mura n-áirítear é sin mar mhír ar leith sa tSamhail Leithdháilte, agus mura gcuirtear ionchais na scoile in iúl go soiléir: cé go bhféadfadh sé a bheith mar chuid de dhualgais chomhordaithe, téitear i dteagmháil le comhaltaí foirne áirithe níos minice ná a chéile agus is féidir leis an am a chaitear le tréadchúram athrú ó bhliain go bliain, modúl go modúl agus comhalta foirne go comhalta foirne.

3.1.9 Treoirlíne maidir leis an ionchas cuí a bhaineann le hacadóir luathghairme sa chéad phost acadúil: De ghnáth, bíonn laghdú ar an ualach teagaisc agus riaracháin i mBliain 1 agus i mBliain 2 go 75% den ghnáthualach, agus ina dhiaidh sin gnáthdhualgais i mBliain 3. Leagfaí amach an t-ardú a thiocfadh ar an ualach sa ról sa litir cheapacháin agus sa cháipéisíocht phromhaidh don ról sin.

3.1.10 Déanfar socruithe réasúnta, de réir mar is cuí, do chomhghleacaithe a fhilleann ó shaoire fhadtéarmach (saoire bhreoiteachta/saoire mháithreachais/saoire chúramóra — a shainmhínítear go minic mar shaoire
24 seachtain nó níos mó) chun tacú leis an gcomhalta teacht isteach ar an scoil/disciplín an athuair.

3.1.11 Sainmhíniú ar an tseachtain oibre: Oibrímid faoin Treoir an AE um Am Oibre, a ndearnadh Dlí na hÉireann di san Acht um Eagrú Ama Oibre 1997.[1]

1 Luaitear san Acht um Eagrú Ama Oibre 1997 nach féidir leis an meánseachtain oibre uasta do go leor fostaithe dul thar 48 uair an chloig. Ní chiallaíonn sé sin nach féidir le seachtain oibre dul thar 48 uair an chloig riamh, is é an meán atá tábhachtach. Féadfar an meán a ríomh ar cheann de na bealaí seo a leanas:

Thar 4 mhí don chuid is mó d'fhostaithe. Thar 6 mhí d'fhostaithe atá ag obair sa tionscal slándála, ospidéil, príosúin, gás/leictreachas, aerfort/dugaí, talmhaíocht agus fostaithe i ngnólachtaí ina mbíonn buaicthréimhsí i gceist ag amanna áirithe den bhliain amhail turasóireacht. Thar 12 mhí nuair atá comhaontú chuige sin idir an fostóir agus na fostaithe. Ní foláir don Chúirt Oibreachais an comhaontú idir an fostóir agus na fostaithe a cheadú.

Ní áirítear sa ríomh 48 uair an chloig saoire bhliantúil, saoire bhreoiteachta ná saoire mháithreachais/uchtaíoch/do thuismitheoirí. Leagtar síos sa reachtaíocht freisin rialacha maidir le hoibrithe oíche, an seal sosa agus scíthe is lú ba chóir a ghlacadh. Tá forálacha speisialta ann freisin maidir le hoibriú ar an Domhnach – féach thíos.

Eisceachtaí: Ní bhaineann forálacha an Achta um Eagrú Ama Oibre 1997 maidir le ham oibre ná tréimhsí sosa le gach fostaí. Ní bhaineann siad le Gardaí, Óglaigh na hÉireann, fostaithe a rialaíonn a n-uaireanta oibre féin ná fostaithe teaghlaigh ar fheirmeacha ná i dtithe príobháideacha. Tá uaireanta oibre daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois á rialú ag an Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) 1996. Tá rialacháin ar leith ann a rialaíonn am oibre dochtúirí faoi oiliúint (IR 494/2004), fostaithe atá ag obair i ngníomhaíochtaí soghluaiste iompair ar bhóithre (IR 36/2012) agus fostaithe atá ag obair ar muir. Tá fostaithe i gcatagóirí áirithe de sheirbhísí cosanta sibhialta (IR 52/1998) díolmhaithe faoi láthair ó fhorálacha maidir leis an meánseachtain oibre uasta agus sosanna/tréimhsí scíthe reachtúla.

Tuigimid gur féidir a bheith ag súil le solúbthacht ag pointí áirithe sa bhliain acadúil, mar shampla méadú ar an ualach oibre a bhaineann le measúnuithe, an méid ama a theastaíonn do bhoird ardaithe céime agus dámhachtana, ach ní mór gur eisceacht a bheadh anseo, seachas an norm nó beidh tionchar díobhálach aige ar chaighdeán saoil agus ar chothromaíocht oibre is saoil. Is cosúil go bhfuil norm ann i roinnt scoileanna nó coláistí i dtéarmaí líon barúlach iomlán uaireanta oibre in aghaidh na bliana. Áiríodh an méid seo a leanas san aiseolas:

- **A.** Níl ann dó i roinnt scoileanna ach is ann dó i scoileanna eile – d'aithin go leor an uair an chloig breise in aghaidh na seachtaine. Tá roinnt scoileanna imithe ó uaireanta a chomhaireamh go díreach toisc go gcuireann sé le castachtaí nach bhfuil gá leo.
- **B.** Ní chreideann siad go mbeadh sé úsáideach obair/tascanna a mheaitseáil le huaireanta.
- **C.** Ó tharla go bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh go leor Léachtóirí B de réir scoilt 40/40/20, d'fhéadfaí léargas úsáideach a thabhairt don fhoireann acadúil, dá n-úsáidfí iomlán táscach, an bhfuil an t-ualach oibre atá sannta dóibh cóir/cothrom.
- **D.** Is sa Disciplín a thuigtear an coincheap de bhliain oibre ar leith. Níl an oiread céanna tuisceana ar an gcoincheap nach n-éilíonn an obair ach 40 uair in aghaidh na seachtaine i gcás comhaltaí foirne acadúla taighde lánaimseartha. Ba cheart go dtuigfí go maith gur iarracht bharúlach í an leibhéal iarrachta sin agus go rachaidh sé thar an méid sin, go háirithe ina gcuid taighde, go háirithe más mian leo a bheith iomaíoch go hidirnáisiúnta.

3.1.12 Samhail Leithdháilte an Ualaigh Oibre a chur i bhfeidhm ag leibhéal an Disciplín nó na Scoile? Comhdhearcadh ginearálta atá ag teacht chun cinn is ea gur gá maoirseacht a dhéanamh ar leibhéal na scoile tríd an gCeann Scoile/Feidhmeannas Scoile. D'fhéadfadh sé a bheith deacair Samhlacha Leithdháilte a chur i bhfeidhm ar leibhéal na scoile amháin i roinnt de na scoileanna níos mó agus níos casta. Sna haonaid seo, d'fhéadfadh Cinn Disciplín nó bainisteoirí líne eile, de réir mar is cuí, Samhlacha Leithdháilte a chur i bhfeidhm/a bhainistiú, agus maoirseacht á déanamh ag an gCeann Scoile/Feidhmeannas Scoile. Dá gcuirfí Samhail Leithdháilte i bhfeidhm ag leibhéal an disciplín, d'fhéadfaí solúbthacht bhreise a chur ar fáil a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun dul in oiriúint do ghnéithe sonracha maidir le smacht, ach is gá samhail scoile uileghabhálach a léiriú, agus is gá é a chur i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach laistigh de ghrúpaí disciplín agus do Chinn Scoile agus d'Fheidhmeannas, nó fiú ar fud na scoile trí chéile.

3.1.13 Is gá an próiseas taighde a ghabháil ar bhealach níos cruinne mar aon leis an am a infheistítear i gcéimeanna éagsúla an phróisis laistigh den leithdháileadh taighde 40% den tSamhail Leithdháilte atá ann faoi láthair.

Cé gur cabhair é díriú ar aschur foilsithe, déantar faillí ar chéimeanna criticiúla eile sa phróiseas taighde mura ndírítear ach ar an mbeart seo (más maith leat, an obair iarbhír a infheistítear atá comhionann le huaireanta teagmhála teagaisc) agus torthaí eile a chuireann le plean taighde straitéiseach na hollscoile.

D'fhonn próisis agus torthaí eile a ghabháil atá ríthábhachtach chun cumas taighde a

fhorbairt agus chun táscairí feidhmíochta taighde a bhaint amach, d'fhéadfadh sé a bheith níos cruinne bogadh i dtreo struchtúir ina bhfuil (1) foilseacháin athbhreithnithe piaraí, (2) deontais cuibhreannais a cuireadh isteach, (3) deontais a gnóthaíodh, (4) líon na mórthionscadal taighde mar Phríomhthaighdeoir, agus/nó (5) líon agus leibhéal na foirne taighde a ndéantar maoirseacht orthu (lasmuigh de PhD), e.g. cúntóirí taighde, céimithe iardhochtúireachta, etc. Ar ndóigh, d'fhéadfadh na céimeanna sa phróiseas seo a bheith éagsúil sna coláistí go léir agus ba cheart iad a choigeartú agus a chur in iúl dá réir sin. Tugtar le fios san aiseolas go dtí seo, áfach, nach gceapann roinnt scoileanna go bhfuil bealaí éifeachtacha ann chun gníomhaíocht taighde a thomhas i ngach coláiste agus tá siad den tuairim gur cheart é sin a dhéanamh ag leibhéal áitiúil. Is amhlaidh atá i gcás na nDaonnachtaí go háirithe, mar shampla, áit gur beag comhaontú atá ann maidir le méadracht éifeachtach taighde. Sa chomhthéacs sin, ní cosúil go léiríonn an deighilt a dhéantar ar stiúradh PhD idir teagasc agus taighde an cleachtas mar atá sna Daonnachtaí.

3.1.14 I gcás ina mbíonn ball den fhoireann acadúil ag gabháil go mór do ghníomhaíochtaí taighde, ba chóir leithdháileadh faoi na ceannteidil eile (múinteoireacht, cion tairbhe etc.) a choigeartú nuair is indéanta agus nuair is cuí.

3.1.15 Má tá dualgais teagaisc nó riaracháin le laghdú ar chomhalta foirne ionas gur féidir leis/léi tabhairt faoi thaighde atá maoinithe go seachtrach agus a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis don institiúid, ba cheart go n-íocfadh maoiniú seachtrach as na dualgais eile sin a dhéanamh.

3.1.16 Tá gá le noirm áitiúla maidir le gnéithe den ualach oibre i bhfianaise nádúr uathúil na ngníomhaíochtaí oibre i scoileanna ar nós na scoileanna atá ag ullmhú mic léinn le haghaidh cleachtas gairmiúil —
e.g. Scoil na Síceolaíochta, Scoil an Oideachais agus mar sin d'fhéadfadh maoirseacht socrúcháin a bheith i gceist ar fud na hÉireann.

3.1.17 Ní mór don phróiseas chun noirm a fhorbairt a bheith atriallach agus forbartha. Ní mór an creat leathan a chur ar fáil agus ansin ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar na córais a thagann chun cinn mar thoradh ar an bpróiseas saincheaptha ar leibhéal na scoile ar bhealach oscailte agus trédhearcach. Ní mór go mbeadh fóram againn inar féidir le Cinn Scoile na samhlacha oibriúcháin a ghlacadh le haghaidh athbhreithniú — b'fhéidir go bhféadfadh scoileanna gairmiúla oibriú le chéile ar fhoireann amháin agus go n-oibreodh foirne eile ar réimsí gaolmhara éagsúla.

3.1.18 Maidir le scoileanna gairmiúla, is cleachtas dialógach é gairmithe nua a fhorbairt a éilíonn am agus tiomantas a théann níos faide ná an ghné acadúil i gcomhthéacs na hoibre gairmiúla. I Scoil an Oideachais, mar shampla, tá liúntas ceithre uair an chloig ar an meán ag an bhfoireann do gach cuairt mar go bhféadfadh socrúcháin a bheith sách fada ó champas na hollscoile. Léiríonn tástáil phíolótach go bhféadfadh sé thart ar 1.5 uair an chloig a thógáil chun cuairt a thabhairt ar scoil áitiúil; cuireann taisteal go mór leis seo. Glacann sé lá iomlán scoile chun maoirseacht a dhéanamh ar thriúr múinteoirí faoi oiliúint sa scoil chéanna. Baineann gné de chaidrimh a fhorbairt le cuairteanna cliniciúla agus socrúcháin den sórt sin freisin, rud a chiallaíonn nach féidir a bheith isteach is amach go tapa i gcónaí. Arís i Scoil an Oideachais tá 8 mac léinn faoi chúram fhormhór na foirne — 3 chuairt go ginearálta in aghaidh an mhic léinn – is é seo an t-íoslíon a éilíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta, is ionann seo agus 24 cuairt in aghaidh na bliana — 96 uair an chloig — breis agus leath den ualach teagaisc bliantúil. Tagann an cheist seo aníos chomh maith i Scoil na Síceolaíochta agus i bhformhór na ndisciplíní nó iad ar fad in CMNHS.

3.1.19 I gcás na Samhlacha Leithdháilte a cuireadh ar fáil go dtí seo ní hionann an leithdháileadh ama de réir ECTS i ndisciplíní agus i scoileanna. Mar shampla i Samhail Leithdháilte amháin b'ionann uair an chloig teagaisc = 1ECT. An féidir comhréiteach/treoir a fháil laistigh de choláistí agus/nó ar fud na gcoláistí maidir le comhionannas ECT-go-uair an chloig don teagasc mar a chuirtear ar fáil do róil cheannaireachta agus bhainistíochta (i gcás ina bhfuil comhionannas i dtéarmaí modúl caighdeánach 5 ECTS = 24-36 uair theagmhála).

3.1.20 Forbairt ghairmiúil leanúnach: Cé nach gá freastal ar sheimineáir ócáideacha a chur san áireamh, má tá leibhéal mór tiomantais d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach ag teastáil, ba chóir é seo a spreagadh/a éascú/a aithint ar bhealach éigin. I roinnt institiúidí inar riachtanas é an PGC/D (roinnt institiúidí i Sasana agus in Albain) oibrítear ar an mbunús gur ionann 30 uair an chloig/0.75 de mhodúl 5 chreidiúint chun an t-ualach oibre atá nasctha le PGD a aithint.

3.1.21 Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar CBFF, breithneofar naisc le Samhail Leithdháilte an Ualaigh Oibre in am trátha – ag tagairt do leithdháileadh ualaigh oibre agus d'fhorbairt foirne araon.

3.1.22 Déanfar athbhreithniú ar an gcáipéis seo maidir le bunphrionsabail agus treoir laistigh de thrí bliana tar éis é a thabhairt isteach den chéad uair.

## 3.2 Comhairle maidir le forbairt a dhéanamh ar Shamhlacha Leithdháilte an Ualaigh Oibre

3.2.1 Ní mór trédhearcacht a bheith ann maidir le húsáid Samhlacha Leithdháilte an Ualaigh Oibre, chun a chinntiú go gcaithfear le comhaltaí foirne ar bhealach comhionann agus cothrom, agus go mbeadh tuiscint iomlán ag gach comhalta foirne ar na Samhlacha Leithdháilte. Trédhearcacht leordhóthanach an rud is tábhachtaí anseo – beidh cúinsí aonair ann nach mór déileáil leo faoi rún (e.g. drochthinneas, cúinsí pearsanta). Dá bhrí sin, is fíorcheist é conas cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le trédhearcacht agus an gá atá le príobháideachas a chosaint ó am go ham ar a laghad. Ní mór cloí le GDPR. Tá géarghá go mbeadh tuiscint iomlán ar an tSamhail Leithdháilte ag an bhfoireann ar fad a bhfuil tionchar aige orthu. Ba cheart go mbeadh na Cinn Scoile agus/nó Disciplín freagrach as sin. Maidir le cúinsí aonair, má chuirtear an fhoireann ar fad ar an eolas gur cuid den phróiseas é sin agus go bhfuil gá le rúndacht i gcásanna áirithe, is dócha go mbeidh sé sin inghlactha. Ba cheart trédhearcacht a shocrú chun príobháideacht an duine aonair a chosaint. Clúdaíonn an coincheap “saoire phearsanta riachtanach” a) gur ceadaíodh an tsaoire agus b) go bhfuil an tsaoire á tógáil de bharr cúinsí pearsanta. Tá de cheart acu siúd a chaithfidh an t-ualach a iompar eolas éigin a bheith acu mar gheall ar an gcúis atá leis – tá saoire phearsanta riachtanach difriúil ó shaoire a bhfuil fad curtha léi nó sos gairme nó cineálacha eile de shaoire nach bhfuil iallach iad a thógáil.

3.2.2 Ba cheart go mbeadh na catagóirí leithdháilte don ualach oibre ag teacht le scéimeanna arduithe céime na foirne acadúla agus ba cheart iad a bheith bunaithe orthu. Tá comhaontú ginearálta ag teacht chun cinn ar an ráiteas seo. Ba cheart go mbeadh ailíniú ann gan bealach struchtúrtha céim ar chéim i dtreo ardú céime a thabhairt le tuiscint. E.g. tá feidhmíocht sna catagóirí riachtanach ach ní leor é, per se, chun dul chun cinn a dhéanamh.

3.2.3 Ba cheart saoire bhliantúil a ailíniú leis an norm san earnáil, agus ní mór norm na hearnála a chinneadh (thart ar 6 seachtaine?). Is cosúil gur treoirlíne úsáideach í seo – seachas seasamh crua tapa a éilíonn athrú conarthach.

3.2.4 Ní mór aon samhail leithdháilte ualaigh oibre a bheith solúbtha chun déileáil le hathruithe inmheánacha agus seachtracha a d’fhéadfadh athruithe a dhéanamh ar ualach oibre in aon seimeastar/aon bhliain acadúil ar leith.

3.2.5 An uair is féidir a bheith ag súil le Samhail Leithdháilte don Ualach Oibre a thabhairt chun críche in aon bhliain ar leith – deireanach sa samhradh is cosúil de bharr riachtanais (athruithe foirne, ceisteanna earcaíochta agus mar sin de). Is féidir sceidil teagaisc tháscaigh (agus ualach oibre eile) a fhorbairt go déanach san earrach/luath sa samhradh. Tá sé seo tábhachtach do chomhaltaí foirne a bhféadfadh go leor ama a bheith ag teastáil uathu chun cúrsa nua a ullmhú. Dréachtaítear go leor sceideal teagaisc in Aibreán/Bealtaine, agus déantar athruithe le linn an tsamhraidh nuair is gá.

3.2.6 Tá dhá phríomhchonradh i bhfeidhm le téarmaí éagsúla: Léachtóir A (60% Teagasc; 20% Taighde a bhaineann le Teagasc; 20% Riarachán/Cion Tairbhe); Léachtóir B (40% Teagasc; 40% Taighde; 20% Riarachán/Cion Tairbhe). Dá bhrí sin, ní mór go mbeadh dáileadh maidir leis an ualach oibre a leithdháileadh thar na príomhchatagóirí ualaigh oibre difriúil de bheagán i bhfianaise an ionchais éagsúil atá ag sealbhóirí na gconarthaí éagsúla sin.

3.2.7 Moltar alt tosaigh a chur isteach i dtreoircháipéis (aonair) a bhaineann le Samhail Leithdháilte an Ualaigh Oibre ina leagtar amach go soiléir an t-éiteas/an fhealsúnacht atá taobh thiar de na treoirlínte, chun tacú le hacadóirí i gcomhthéacs próifíl oibre Institiúideach/Scoile/Aonaid. Bheadh sé sin ag teacht leis an gcáipéis "Prionsabail maidir le Leithdháileadh an Ualaigh Oibre" (Aguisín 1). Ba cheart go léireodh an teanga a úsáidtear sa cháipéis an fhealsúnacht seo.

3.2.8 Seachain go mbeadh sé riachtanach an iomarca taifeadta a dhéanamh.

## 3.3 D'fhéadfadh sé a bheith cabhrach aiseolas breise a thabhairt don Mheitheal

Cáineadh ar Shamhlacha Leithdháilte an Ualaigh Oibre D'ardaigh na rannpháirtithe na pointí seo a leanas:

3.3.1 Chun go n-éireoidh le cur chun feidhme rathúil, tá seaimpíní áitiúla agus ceannairí éascaitheacha tábhachtach.

3.3.2 Dealraíonn sé gurb iad na Samhlacha Leithdháilte a forbraíodh go háitiúil is fearr a oibríonn, i gcomhthéacs an ualaigh oibre acadúla a bhfuiltear ag súil leis/atá comhaontaithe.

3.3.3 Is cosúil go bhfuil tábhacht ag baint le comhthéacs a thabhairt i gcás Samhail Leithdháilte a úsáid. Ba chóir go mbeadh an cuspóir soiléir do chách, go mbeadh sé comhaontaithe le gach duine, nó go mbeadh ionchur acu ann ar a laghad, le prionsabail chomhaontaithe áitiúla, agus ba cheart go n-úsáidfí an tSamhail i gcomhar le haidhmeanna Aonaid/Scoile/Ollscoile agus pleananna straitéiseacha.

3.3.4 Ba cheart go léireodh Samhlacha Leithdháilte tuiscint ar chothromaíocht phearsanta a bhaineann le hobair agus saol an teaghlaigh agus le forbairt phearsanta, AGUS aidhmeanna agus tosaíochtaí straitéiseacha Aonaid/Scoile/Ollscoile.

3.3.5 Is cosúil gur ghlac na Samhlacha Leithdháilte atá ann cheana prionsabail chomhchosúla na trédhearcachta, an chomhionannais agus na solúbthachta.

3.3.6 Ní thugtar aon bhreithiúnais fhollasacha (le hais CBFF) cé go bhfuil ionchais aonair agus ar leibhéal an aonaid i gceist.

3.3.7 Déantar roinnt "brúscadh uimhreacha" ar dtús chun riachtanais leithdháilte teagaisc a chinneadh, ag leibhéal níos airde. D'fhéadfadh duine a mhaíomh gur dea-chleachtas bainistíochta é seo. Léirítear speictream i dtéarmaí mionsonraí is gá agus comhaireamh uaireanta an chloig ar an leibhéal pearsanta, ar an leibhéal disciplín agus ar leibhéal na scoile.

3.3.8 D'fhéadfaí soiléiriú a dhéanamh ar an sainmhíniú atá ar Chion Tairbhe. D'fhéadfadh sé a bheith ina chuidiú sainmhínithe catagóirí an-saintreorach a sheachaint agus is féidir iad a theorannú, a shrianadh agus a dhreasú.

3.3.9 Is cosúil go bhfuil sé ríthábhachtach solúbthacht dhéthreoch a bheith ann.

3.3.10 Seachain a bheith saintreorach agus smaoinigh ar a bheith solúbtha agus catagóirí á sainmhíniú.

3.3.11 Is leor cuimhneamh gur le leas an dá thaobh é an ghníomhaíocht don lucht acadúil agus don aonad/scoil/ollscoil.

Smaoinigh ar chur chuige ón mbun aníos:

3.3.12 Áit a bhfuil fís láidir ag ceannaire an aonaid de thosaíochtaí Institiúideacha/Scoile/Aonaid.
3.3.13 Smaoinigh ar threoir a fháil maidir le Samhail Leithdháilte an Ualaigh Oibre a fhorbairt in aonad ar dtús.
3.3.14 Ionchais maidir le hualach oibre acadúla a lua go soiléir.
3.3.15 Ceannaireacht Éascaitheach (Dáileach) a chur chun cinn.
3.3.16 Tuairiscíonn ceannaire an aonaid suas go macraileibhéal (Scoil/ Ollscoil).
3.3.17 Forbairt Shamhail Leithdháilte an Ualaigh Oibre a chur chun cinn go háitiúil agus go horgánach.
3.3.18 Cleachtadh foirne an aonaid – fealsúnacht aonaid a chruthú/a fhorbairt; plean straitéiseach; ionchais chomhchoiteanna a leagan amach; prionsabail áitiúla maidir le Samhail Leithdháilte an Ualaigh Oibre; machnaimh agus cruinnithe pearsanta; athbhreithniú agus leaganacha dinimiciúla gach bliain.

Treoir maidir le prionsabail:

3.3.19 Smaoinigh ar théamaí comhaontaithe a áireamh ar mhaith le haonad machnamh a dhéanamh orthu agus a bprionsabail maidir le Samhlacha Leithdháilte áitiúla á gcruthú, mar shampla: trédhearcacht, solúbthacht dhéthaobhach, úinéireacht chumhachtaithe phearsanta, stíl chomhairleach, atriallach.

Rudaí eile le cur san áireamh:

3.3.20 Cuir saoire shabóideach san áireamh nuair atá na treoirlínte á bhforbairt.
3.3.21 Ba chóir go dtacódh “imeacht feasachta” le haon treoirlínte i scoileanna — Dírithe ar chinn aonaid/ a n-ainmnithe.

OÉ Gaillimh
NUI Galway

# Aguisín 1

**Tábla 1: Sampla ilchodach de roinnt róil chomhionanna a úsáidtear i scoil amháin nó níos mó in OÉ Gaillimh**

| **Ról/post an chomhalta foirne** | **Samplaí de roinnt cothromaíochtaí i dtéarmaí modúl caighdeánach 5 ECTS (24-36 uair theagmhála).** ***Beidh an cur i bhfeidhm féin ag brath go mór ar mhéid na scoile/an disciplín, agus riachtanais shonracha teagaisc na scoile/na disciplín.*** |
|---|---|
| **Leas-Déan** | Beidh rudaí an-éagsúil le cur san áireamh ag brath ar an duine mar nach ionann róil atá aicmithe mar Leas-Déan – ach b'fhéidir 1-2 5 ECTS caighdeánach ag brath ar ról an Leas-Déin agus ar riachtanais teagaisc shonracha na scoile/an disciplín. |
| **Ceann Scoile** | 0.5 ualach oibre lárnach |
| **Stiúrthóir Cláir** | 0.5-2 mhodúl chaighdeánacha (5 ECTS) ag brath ar nádúr, cineál, méid an chláir, agus riachtanais teagaisc na scoile/an disciplín. |
| **Comhordaitheoir an Mhodúil (Le hais teagasc modúl díreach)** | Rang mór ~0.5 x 5 ECTS, rang beag 0.3 x 5 ECTS; Rang mór le hualach mór eagrúcháin e.g. sceideal praiticiúil etc. 1 x 5 ECTS |
| **Stiúrthóir Institiúide, Stiúrthóir Eolaíochta Institiúide, Stiúrthóir Ionaid Taighde** | |
| | ***Tugann grúpálacha thíos sampla de chur chuige níos miondealaithe:*** |
| **Grúpa 1 (0.5 ualach oibre iomlán) Ceann Scoile** | 0.5 ualach oibre iomlán, 2-4 mhodúl chaighdeánacha 5 ECTS ag brath ar mhéid na scoile/an disciplín agus ar riachtanais teagaisc na scoile/an disciplín. |
| **Ceann an Disciplín** | 1-2 5 ECTS caighdeánach ag brath ar mhéid na scoile/an disciplín agus ar riachtanais teagaisc. |
| **Grúpa 2 (1 x 5 ECTS)** | Comhordaitheoir Cúrsa na Chéad Bhliana: e.g. léachtaí 1BS; Ranganna Praiticiúla na Chéad Bhliana (lena n-áirítear ranganna praiticiúla CH120) |
| | Oifigeach Sábháilteachta |
| **Grúpa 3 (0.75 x 5 ECTS)** | Comhordaitheoir Cúrsa e.g. CH120/CH130/CP102(1EV) |
| | Comhordaitheoir MSc (Taighde Ceimice) |
| | Comhordaitheoir Ceimice Bithchógaisíochta |
| | Comhordaitheoir Socrúcháin |

| | |
|---|---|
| **Grúpa 4**<br>**(0.5 x 5 ECTS)** | Comhordaitheoir Cúrsa CH140/CP102(1MR, 1HF) |
| | Comhordaitheoirí Cúrsa CH202, CH203, CH204 agus CH205b (Comhordaitheoir an Dara Bliain: 12) |
| | CH3101 |
| | CH506/CH5102 |
| | Oifigeach For-Rochtana |
| **Grúpa 5** | Gach Cúrsa Tríú Bliain agus Ceathrú Bliain eile |
| **(0.5 x 5 ECTS)** | Comhordaitheoirí (Comhordaitheoirí Bliana: 6) |
| | An Coiste Taighde Iarchéime |
| | Comhordaitheoirí Rannóige |
| | Tionólaí Choiste na Mac Léinn-na Foirne |
| | Coiste Feidhmiúcháin na Scoile |
| | Maoirseacht socrúcháin |
| | Coistí Coláiste |
| | Comhordaitheoir Cúrsa MSc/PhD |
| | Coistí Ollscoile |

# Aguisín 2

**Samplaí de theimpléid Samhlacha Leithdháilte atá in úsáid faoi láthair in OÉ Gaillimh, atá faoi cheangal i mbunfhormáid Excel:**

Scoil na Síceolaíochta

Scoil an Ghnó & na hEacnamaíochta

Scoil na Tíreolaíochta

Scoil na Ceimice